## Treoir léitheoireachta: *An Drúchtín agus an Seilide* le Oein DeBhairduin

### Ceisteanna spreagúla do pháistí 4-6 bliana d'aois

Ní bhfuair an buachaill sa scéal cuireadh chuig an gcóisir. Cén fáth nach bhfuair? *(tátal a bhaint)*

Cé hiad an Lucht Siúil? *(réamheolas/ceistiú)*

Cé hiad an pobal socraithe? *(réamheolas/ceistiú)*

Conas a mhothaigh an páiste, meas tú, nuair nach bhfuair sé cuireadh chuig cóisir a chara? *(tátal a bhaint/naisc a dhéanamh)*

An raibh na drúchtíní sásta ag fánaíocht go saor fiáin? Féach ar an bpictiúr – conas atá a fhios agat? *(tátal a bhaint)*

An féidir leat an drúchtín a thaispeáint dom? An bhfaca tú drúchtín riamh? *(naisc a dhéanamh)*

An bhfaca tú seilide riamh? *(naisc a dhéanamh)*

Conas atá drúchtíní agus seilidí éagsúil lena chéile? *(ceistiú)*

Conas atá drúchtíní agus seilidí cosúil lena chéile? *(ceistiú)*

Níor réitigh na deartháireacha go maith lena chéile tar éis don deartháir óg blaosc a fháil – cén fáth? *(tátal a bhaint)*

Conas a mhothaigh an deartháir mór faoina dheartháir óg agus é ina sheilide? *(tátal a bhaint)*

Sa deireadh an raibh baile ag an deartháir mór? *(tátal a bhaint)*

An dóigh leat go mbeidh na deartháireacha ina gcairde? *(tátal a bhaint/tuar)*

### Ceisteanna spreagúla do pháistí 6-8 mbliana d'aois

Ní bhfuair an buachaill sa scéal cuireadh chuig an gcóisir. Cén fáth nach bhfuair? *(tátal a bhaint)*

Cé hiad an Lucht Siúil? Cad is ciall leis an téarma sin? *(réamheolas/ceistiú)*

Cé hiad an pobal socraithe? Cad is ciall leis an téarma sin? *(ceistiú)*

Cén t-eolas atá agat faoin Lucht Siúil? *(réamheolas/ceistiú)*

Conas atá sé sin ar eolas agat? *(ceistiú)*

Conas a mhothaigh an páiste, meas tú, nuair nach bhfuair sé cuireadh chuig cóisir a chara? *(tátal a bhaint/tuar)*

Ar fágadh amach thú riamh/ar tharla sé riamh nach bhfuair tú cuireadh chuig rud éigin? *(naisc a dhéanamh)*

Conas a mhothaigh sé sin? *(naisc a dhéanamh)*

An raibh na drúchtíní sásta ag fánaíocht go saor fiáin? Conas atá a fhios agat? *(tátal a bhaint)*

Cén fáth go raibh mearbhall orthu faoi cheist an phréacháin 'cá bhfuil do theach?'? *(tátal a bhaint)*

Cén fáth go ndearna an préachán gáire nuair a dúirt na drúchtíní nach raibh nead acu? *(tátal a bhaint/tuar)*

Cén fáth go raibh náire ar an drúchtín? *(tátal a bhaint)*

Ar mhothaigh tú náire riamh? Conas a mhothaíonn sé sin? *(naisc a dhéanamh)*

Níor réitigh na deartháireacha go maith lena chéile tar éis don deartháir óg blaosc a fháil – cén fáth? *(tátal a bhaint)*

Conas atá drúchtíní agus seilidí éagsúil lena chéile? *(ceistiú)*

Conas atá drúchtíní agus seilidí cosúil lena chéile? *(ceistiú)*

Conas a mhothaigh an deartháir óg faoi bhaile a bheith aige? *(tátal a bhaint)*

Conas a mothaigh an deartháir mór faoi bhaile a bheith aige? *(tátal a bhaint)*

Conas a mhothaigh an deartháir mór faoina dheartháir óg agus é ina sheilide? *(tátal a bhaint)*

An raibh baile ag an deartháir mór ag an deireadh? *(tátal a bhaint)*

Mhothaigh siad níos compordaí lena chéile tar éis dóibh labhairt leis an bpréachán den dara huair. Cén fáth?*(tátal a bhaint)*

An dóigh leat go mbeidh na deartháireacha ina gcairde?*(tátal a bhaint)*

Cad is féidir linn a fhoghlaim ó scéal an drúchtín agus an tseilide? *(tátal a bhaint)*

Cé na bealaí a bhfuil an Lucht Siúil agus an pobal socraithe cosúil lena chéile? *(tátal a bhaint)*